



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Samhain 2023
(OR. en)

15166/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0400(NLE)

COPEN 384
EUROJUST 42
JAI 1440
RELEX 1328

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Samhain 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 705 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis inniúla Phoblacht na hAirméine um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 705 final.

Faoi iamh: COM(2023) 705 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.11.2023
COM(2023) 705 final

2023/0400 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis inniúla Phoblacht na hAirméine um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Baineann an togra seo le tabhairt i gcrích comhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir le comhar idir an Gníomhaireacht Eorpach um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis inniúla Phoblacht na hAirméine um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla (dá ngairtear ‘an Comhaontú’ anseo feasta).

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Comhordaíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) imscrúduithe agus ionchúisimh de choiriúlacht thromchúiseach trasteorann san Eoraip agus lasmuigh di. Mar mol an Aontais Eorpaigh (AE) don chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla, tacaíonn Eurojust leis na húdaráis náisiúnta imscrúdaithe agus ionchúisimh.

Sa saol domhandaithe, an gá atá le comhar idir na húdaráis bhreithiúnacha a bhfuil baint acu le coireanna tromchúiseacha a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ní stopann an gá sin ag teorainneacha an Aontais. Leis an méadú ar an gcoireacht trasteorann, tá sé rithabhachtach faisnéis a fháil ó lasmuigh de dhlínse aon Bhallstáit amháin. Dá bhrí sin, ba cheart Eurojust a bheith in ann dul i ndlúthchomhar le húdaráis bhreithiúnacha i dtríú tíortha roghnaithe agus sonraí pearsanta a mhalartú leo a mhéid is gá chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1727¹ (dá ngairtear ‘Rialachán Eurojust’ feasta). An tráth céanna, tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil coimirce leormhaithe i bhfeidhm maidir le príobháideacht agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint chun sonraí pearsanta a chosaint.

Is féidir le Eurojust sonraí pearsanta oibríochtúla a mhalartú le tríú tíortha i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin de na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 56 (2), pointí (a) go (c) de Rialachán Eurojust:

- Chinn an Coimisiún de bhun Airteagal 57 go n-áirithíonn an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta atá i gceist leibhéal leordhóthanach cosanta, nó in éagmais cinneadh leordhóthanachta den sórt sin, i gcás ina bhforáiltear do choimirce iomchuí nó inarb ann dóibh i gcomhréir le hAirteagal 58(1), nó an dá cheann in éagmais cinneadh leordhóthanachta agus in éagmais coimirce iomchuí den sórt sin, tá feidhm ag maolú i gcomhair cásanna sonracha de bhun Airteagal 59(1); nó
- Rinneadh comhaontú comhair a thabhairt i gcrích lena dtugtar cead sonraí pearsanta oibríochtúla a mhalartú roimh an 12 Nollaig 2019 idir Eurojust agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin i gcomhréir le hAirteagal 26a de Chinneadh 2002/187/CGB; nó
- Rinneadh comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin de bhun Airteagal 218 CFAE lena bhforáiltear do choimirce leordhóthanacha i ndáil le príobháideacht agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

Faoi láthair, tá comhaontuithe comhair ag Eurojust bunaithe ar Airteagal 26a de Chinneadh 2002/187/CGB, lena gceadaítear malartú sonraí pearsanta, atá i bhfeidhm le Montainéagró,

¹ Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin, IO L 295, lch 138, 21.11.2018.

leis an Úcráin, leis an Moldóiv, le Lichtinstéin, leis an Eilvéis, leis an Macadóin Thuaidh, le SAM, leis an Íoslainn, leis an Iorua, leis an tSeoirsia, leis an Albáin agus leis an tSeirbia. Faoi Airteagal 80(5) de Rialachán Eurojust, tá na comhaontuithe comhair sin fós bailí.

Ó tháinig Rialachán Eurojust i bhfeidhm an 12 Nollaig 2019 agus de bhun an Chonartha, tá an Coimisiún freagrach, thar ceann an Aontais, as comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidliú le tríú tíortha maidir le comhar agus malartú sonraí pearsanta le Eurojust. A mhéid is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh, i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán Eurojust, féadfaidh Eurojust caidreamh comhair a bhunú agus a choinneáil ar bun le comhpháirtithe seachtracha trí shocruithe oibre. Mar sin féin, ní féidir iad sin amháin a bheith ina mbunús dlí chun sonraí pearsanta a mhalartú.

Chun an comhar breithiúnach idir Eurojust agus tríú tíortha roghnaithe a neartú, ghlac an Coimisiún Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraitear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh Comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Ailgéir, an Airméin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Maracó, an Túinéis agus an Tuirc maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus na húdaráis inniúla um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla na dtríú Stát sin.²

Thug an Chomhairle an t-údarú sin an 1 Márta 2021, agus chuir sí an Airgintín, an Bhrasáil agus an Cholóim ar an liosta freisin, agus ghlac sí tacar teoracha caibidlíochta agus chuir sí coiste speisialta ar bun chun cabhrú leis an gcúram sin.³

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis an Airméin i mí Aibreáin 2022. Tar éis an tríú babhta caibidlíochta, arb é an babhta deiridh caibidlíochta é, a tionóladh i mí an Mheithimh 2022, tháinig na hidirbheartaithe ar réamh-chomhaontú i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tar éis comhairliúcháin inmheánacha ar an dá thaobh, lena n-áirítear feabhas a chur ar cháilíocht an dréachtaithe, chuir na príomh-idirbheartaithe inisealacha le dréacht-téacs an Chomhaontaithe an [xx.xx.xxxx].

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Rinneadh an Comhaontú a chaibidliú agus na teoracha caibidlíochta cuimsitheacha a ghlac an Chomhairle mar aon leis an údarú caibidlíocht a dhéanamh an 1 Márta 2021 á gcur san áireamh. Tá an Comhaontú seo comhsheasmhach freisin le beartas an Aontais atá ann cheana sa réimse i ndáil le comhar i bhforfheidhmiú an dlí.

Le blianta beaga anuas, rinneadh dul chun cinn chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir na Ballstáit agus idir gníomhaireachtaí an Aontais agus tríú tíortha. Le Rialachán (AE) 2023/2131 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna

² Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraitear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh Comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Ailgéir, an Airméin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Maracó, an Túinéis agus an Tuirc maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus na húdaráis inniúla le haghaidh comhar breithiúnach in ábhair choiriúla na dtríú Stát sin, an 19 Samhain 2020, COM(2020) 743 final.

³ Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraitear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Ailgéir, an Airgintín, an Airméin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhrasáil, an Cholóim, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Maracó, an Túinéis agus an Tuirc maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus na húdaráis inniúla um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla na dtríú Stát sin, féach 6153/21 + ADD 1, Cinneadh ón gComhairle arna ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn an 1 Márta 2021 (CM 1990/21).

sceimhlitheoireachta,⁴ neartaítear an creat le haghaidh comhar le tríú tíortha ar thaobh Eurojust trí fhoráil a dhéanamh maidir le bunús láidir dlí chun ionchúisitheoir idirchaidrimh tríú tír a thabhairt ar iasacht do Eurojust agus don chomhar le Eurojust.

Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú in Eurojust ar fianaise í a bhaineann le cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh,⁵ tá nasc láidir idir Rialachán (AE) 2022/838 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 agus tríú tíortha. Leagtar béim sa dá ghníomh reachtacha ar a thábhachtaí atá dlúthchomhar le tríú tíortha chun coireanna tromchúiseacha a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le beartais eile an Aontais.

Sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe (CEPA) idir an tAontas agus an Airméin, a tháinig i bhfeidhm go hiomlán an 31 Márta 2021, leag an dá pháirtí amach mar chuspóir comhar feabhsaithe oibiachtúil a bhaint amach i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, ar mhaithe leis an smacht reachta agus an urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha a threisiú. Chuige sin, comhaontaíodh, maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, féachaint le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhar níos dlúithe idir Eurojust agus údaráis inniúla Phoblacht na hAirméine.

Shainaithin an tAontas agus an Airméin tuilleadh comhair arb é ba chuspóir dó cearta an duine, an smacht reachta agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn mar cheann dá dTosaíochtaí Comhpháirtíochta, a bhfuil sé d'aidhm acu cur chun feidhme an chomhair idir na comhpháirtithe i gcomhthéacs CEPA a éascú.

Is fianaise í freisin an tagairt sa Dearbhú Comhpháirteach an 15 Nollaig 2021 ó Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir do 'chomhar slán éifeachtach idir tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais amhail Eurojust, Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise' ar thiomantas leanúnach an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a neartú. Ag Cruinniú Airí Gnóthaí Eachtracha Chomhpháirtíocht an Oirthir an 12 Nollaig 2022, athdhearbhaíodh tiomantas an Aontais do Chomhpháirtíocht an Oirthir i gcomhthéacs geopholaitiúil athraithe, agus béim á leagan ag an am céanna ar an ngá atá leis an gcomhpháirtíocht a dhéanamh níos solúbtha agus í a chur in oiriúint do riachtanais na gcomhpháirtithe agus comhlántacht a áirithiú idir an raon déthaobhach agus próiseas an mhéadaithe.

Tá doiciméid straitéiseacha reatha an Choimisiúin mar bhonn agus mar thaca ag an ngá atá le feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht fhorfheidhmiú an dlí agus an chomhair bhreithiúnaigh san Aontas, chomh maith leis an gcomhar le tríú tíortha a leathnú. Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, an Straitéis um an Aontas Slándála⁶, an Clár Oibre

⁴ Rialachán (AE) 2023/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta

⁵ Rialachán (AE) 2022/838 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le fianaise a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil ag Eurojust, ar fianaise í a bhaineann le cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara.

⁶ COM(2020) 605 final, 24.7.2020.

Frithsceimhlitheoireachta don Aontas⁷, agus Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe⁸.

I gcomhréir leis na doiciméid straitéiseacha sin, feabhsaíodh an comhar idirnáisiúnta i réimse fhorfheidhmiú an dlí freisin. Bunaithe ar an údarú ón gComhairle⁹, rinne an Coimisiún Comhaontuithe maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) a chaibidliú, e.g. leis an Nua-Shéalainn.

Ag an am céanna, tá sé rithábachtach go mbeadh comhar breithiúnach le tríú stáit i gcomhréir go hiomlán leis na cearta bunúsacha a chumhdaítear i gConarthaí AE agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

I gcás tacar coimircí amháin atá thar a bheith tábhachtach, go háirithe na coimircí siúd a áirítear i gCaibidil II den Chomhaontú, baineann siad le cosaint sonraí pearsanta, ar ceart bunúsach é san Aontas Eorpach. I gcomhréir le hAirteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán Eurojust, féadfaidh Eurojust sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 CFAE lena dtugtar ar aird coimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideacht agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

I gCaibidil II den Chomhaontú déantar foráil maidir leis na coimircí sin, lena n-áirítear, go háirithe, forálacha lena n-áirítear roinnt prionsabal agus oibleagáidí cosanta sonraí nach mór don dá Pháirtí a urramú (Airteagal 10ff.), chomh maith le forálacha lena n-áirítear cearta aonair in-fhorfheidhmithe (Airteagal 14ff.), maoirseacht neamhspleách (Airteagal 21) agus sásamh éifeachtach riaracháin agus breithiúnach i leith sáruithe ar na cearta agus na coimircí a aithnítear sa Chomhaontú mar thoradh ar phróiseáil sonraí pearsanta (Airteagal 22).

Is gá cothromaíocht a bhaint amach idir slándáil a fheabhsú agus cearta an duine a chosaint, lena n-áirítear sonraí agus príobháideacht. D'áirithigh an Coimisiún go gcuireann an Comhaontú bunús dlí ar fáil chun sonraí pearsanta a mhalartú le haghaidh comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus, ag an am céanna, go ndéanann sé foráil maidir le coimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideacht agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

In Airteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí *‘lena dtugtar i gcrích an comhaontú.’* Ós rud é go mbaineann an togra le réimsí ina gcuirtear an gnáthnós nós imeachta reachtach i bhfeidhm, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa agus, dá bhrí sin, is é Airteagal 218(6), pointe (a)(v) CFAE an bunús dlí nós imeachta.

Braitheann an bunús dlí substainteach go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna sin nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm

⁷ COM(2020) 795 final, 9.12.2020.

⁸ COM(2021) 170 final, 14.4.2021.

⁹ Cinneadh 7047/20 ón gComhairle an 23 Aibreán 2020, agus Doiciméad CM 2178/20 ón gComhairle, an 13 Bealtaine 2020.

nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an gníomh dlí a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte. Tá dhá phríomhaidhm agus príomh-chomhpháirt ag an togra, is é sin an comhar idir Eurojust agus an Airméin in ábhair choiriúla chomh maith le coimircí leordhóthanacha a bhunú i ndáil le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha eile daoine aonair a chosaint don chomhar sin. Dá bhrí sin, is gá Airteagal 16(2) agus Airteagal 85 CFAE a bheith ina mbunús dlí substainteach.

Dá bhrí sin, tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 16(2) agus ar Airteagal 85 CFAE, in éineacht le hAirteagal 218(6), pointe (a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Leagtar síos i Rialachán Eurojust rialacha sonracha maidir le sonraí pearsanta a bheith á n-aistriú ag Eurojust lasmuigh den Aontas. Liostaítear in Airteagal 56(2) de sin cásanna inar féidir le Eurojust sonraí pearsanta a aistriú go dleathach chuig údarais bhreithiúnacha tríú tíortha. Sonraítear leis an bhforáil gur gá, i gcás aistrithe struchtúracha sonraí pearsanta ag Eurojust chuig an Airméin, comhaontú idirnáisiúnta ceangailteach idir an tAontas agus an Airméin a thabhairt i gcrích, lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha eile daoine aonair a chosaint. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE, tagann an Comhaontú faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl an togra seo faoi réir seiceáil coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Cuspóirí an Aontais maidir leis an togra seo a leagtar amach thuas, ní féidir iad a bhaint amach ach amháin trí chomhaontú idirnáisiúnta ceangailteach a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir leis na bearta comhair is gá agus cosaint iomchuí ar chearta bunúsacha á háirithiú ag an am céanna. Tá forálacha an chomhaontaithe teoranta don mhéid is gá chun na príomhchuspóirí atá leis a bhaint amach. Ní rogha mhalartach í gníomhaíocht aontaobhach na mBallstát i leith na hAirméine, ós rud é go bhfuil ról uathúil ag Eurojust. Ina theannta sin, ní bheadh gníomhaíocht aontaobhach ina bonn leordhóthanach le haghaidh comhar breithiúnach idir Eurojust agus tríú tíortha agus ní áiritheofaí léi an chosaint is gá ar chearta bunúsacha.

- **An rogha ionstraime**

I gcomhréir le hAirteagal 56 de Rialachán (AE) 2018/1727, in éagmais cinneadh leordhóthanachta, ní fhéadfaidh Eurojust páirt a ghlacadh in aistriú struchtúrach sonraí pearsanta oibríochtúla chuig tríú tír ach amháin ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta de bhun Airteagal 218 CFAE lena ndéanfar foráil maidir le coimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint (Airteagal 56(2)(c)). I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, údaraítear síniú an chomhaontaithe sin le cinneadh ón gComhairle.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Le linn na caibidlíochta, níor bhain an Coimisiún úsáid as saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Ceartha bunúsacha**

Is é atá i gceist le sonraí pearsanta a mhalartú agus a phróiseáil ag údaráis tríú tír sárú ar chearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosanta sonraí. Áirithítear leis an gComhaontú, áfach, riachtanas agus comhréireacht aon tsáraithe den sórt sin trí chur i bhfeidhm coimircí leordhóthanacha cosanta sonraí a ráthú maidir leis na sonraí pearsanta a aistrítear, i gcomhréir le dlí an Aontais.

Déantar foráil i gCaibidil II maidir le sonraí pearsanta a chosaint. Ar an mbonn sin, le hAirteagail 10 go 20, leagtar amach na prionsabail bhunúsacha maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear teorannú de réir cuspóra, cáilíocht sonraí agus rialacha is infheidhme maidir le próiseáil catagóirí speisialta sonraí, oibleagáidí is infheidhme maidir le rialaitheoirí, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le tréimhsí coinneála, taifid a choimeád, an tslándáil agus aistrithe ar aghaidh, ceartha aonair in-fhorfheidhmithe, lena n-áirítear ceartha maidir le rochtain, ceartú agus cinnteoireacht uathoibrithe, maoirseacht neamhspleách éifeachtach mar aon le sásamh riaracháin agus breithiúnach.

Cumhdaíonn na coimircí gach cineál próiseála sonraí pearsanta i gcomhthéacs an chomhair idir Europol agus Poblacht na hAirméine. Is féidir feidhmiú ceart aonair áirithe a mhoilliú, a theorannú nó a dhiúltú i gcás inar gá agus inar comhréireach, agus ceartha bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí á gcur san áireamh, ar an bhfhoras tábhachtach a bhaineann le leas an phobail, go háirithe chun rioscaí d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil leanúnach a chosc. Tá sé sin i gcomhréir le dlí an Aontais.

Ina theannta sin, áiritheoidh an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine araon go ndéanfaidh údarás poiblí neamhspleách atá freagrach as cosaint sonraí (údarás maoirseachta) maoirseacht ar ábhair a dhéanann difear do príobháideachas daoine aonair chun ceartha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta faoin gComhaontú.

Mar choimirce bhreise, de bhun Airteagal 32(2), i gcás sárú ábhartha nó neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as forálacha an Chomhaontaithe, is féidir an Comhaontú a chur ar fionraí. Aon sonraí pearsanta a aistreofar roimh an bhfionraí, leanfaidh siad de thairbhiú de na coimircí a ráthaítear leis an gComhaontú. Ina theannta sin, i gcás fhoirceannadh an Chomhaontaithe, leanfar de shonraí pearsanta a aistrítear roimh fhoirceannadh an Chomhaontaithe a phróiseáil i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe.

Thairis sin, ráthaítear leis an gComhaontú go bhfuil an malartú sonraí pearsanta idir Eurojust agus Poblacht na hAirméine comhsheasmhach le prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus le

hAirteagal 52(1) den Chairt araon, lena n-áirithítear go mbeidh an sárú ar na cearta bunúsacha a ráthaítear faoin gCairt teoranta don mhéid sin amháin atá fíor-riachtanach chun cuspóirí an leasa ghinearálta atá á saothrú a chomhlíonadh, faoi réir phrionsabal na comhréireachta.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl aon ghá le plean cur chun feidhme, ós rud é go dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis na míosa ar lena linn a bheidh fógra tugtha ag an Aontas Eorpach agus an Airméin dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta faoi seach curtha i gcrích.

Maidir le faireachán, déanfaidh an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine athbhreithniú comhpháirteach ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe bliain amháin tar éis dó teacht i bhfeidhm, agus go tráthrialta ina dhiaidh sin, agus ina theannta sin, má iarrann ceachtar den dá pháirtí amhlaidh agus má chinntear go comhpháirteach é.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In Airteagal 1 áirítear cuspóirí an Chomhaontaithe.

In Airteagal 2 sainmhínítear raon feidhme an chomhair.

In Airteagal 3 áirítear sainmhínithe ar théarmaí tábhachtacha an Chomhaontaithe.

Le hAirteagal 4, bunaítear oibleagáid na hAirméine pointe teagmhála amháin ar a laghad a ainmniú laistigh dá húdaráis inniúla náisiúnta, nach féidir a bheith comhionann leis an Ionchúisitheoir Idirchaidrimh. Ainmneofar pointe teagmhála le haghaidh gnóthaí sceimhlitheoireachta.

Déantar foráil in Airteagal 5 maidir leis an Ionchúisitheoir Idirchaidrimh a thabhairt ar iasacht do Eurojust.

Déantar foráil in Airteagal 6 maidir leis na coinníollacha le haghaidh rannpháirtíocht ionadaithe na hAirméine i gcrúinnithe oibríochtúla agus straitéiseacha ag Eurojust.

Foráiltear le hAirteagal 7 go bhféadfaidh Eurojust cabhrú leis an Airméin Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú a chur ar bun agus go bhféadfar iarraidh air cúnamh airgeadais nó teicniúil a sholáthar.

Déantar foráil in Airteagal 8 maidir leis an rogha atá ag Eurojust Giúistís Idirchaidrimh a phostú chun na hAirméine.

Leagtar amach in Airteagal 9 cuspóirí na próiseála sonraí faoin gComhaontú.

Liostaítear in Airteagal 10 na prionsabail ghinearálta cosanta sonraí is infheidhme faoin gComhaontú.

Ráthaítear le hAirteagal 11 coimircí breise maidir le próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta agus catagóirí éagsúla d'ábhair sonraí.

Teorannaítear le hAirteagal 12 cinnteoireacht lán-uathoibrithe trí úsáid a bhaint as sonraí pearsanta a aistrítear faoin gComhaontú.

Le hAirteagal 13 cuirtear srian leis na sonraí pearsanta a fhaightear a aistriú ar aghaidh.

Déantar foráil in Airteagal 14 maidir leis an gceart rochtana, lena n-áirítear deimhniú a fháil an ndéantar sonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí a phróiseáil faoin gComhaontú chomh maith le faisnéis riachtanach maidir leis an bpróiseáil.

Déantar foráil in Airteagal 15 maidir leis an gceart go ndéanfaí ceartú, léirsciosadh agus próiseáil a shrianadh, faoi choinníollacha áirithe.

Le hAirteagal 16 déantar foráil maidir le fógra a thabhairt faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta a aistrítear faoin gComhaontú, ag áirithiú go dtabharfaidh na húdaráis inniúla faoi seach fógra dá chéile agus dá n-údarás maoirseachta faoi seach faoin sárú sin gan mhoill, agus go ndéanfar bearta chun na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an sárú sin a mhaolú.

Déantar foráil in Airteagal 17 maidir le sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí, ar sárú é ar dócha go mbeidh éifeacht thromchúiseach aige ar chearta agus ar shaoirsí an duine sin.

Le hAirteagal 18 áirítear rialacha a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a stóráil, a athbhreithniú, a cheartú agus a scriosadh.

Le hAirteagal 19 éilítear logaí a choinneáil i ndáil le sonraí pearsanta a bhailiú, a athrú, a rochtain, a nochtadh lena n-áirítear aistrithe ar aghaidh, a chomhcheangal agus a scriosadh.

Le hAirteagal 20 áirítear oibleagáidí maidir le slándáil sonraí, lena n-áirithítear go ndéantar bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun sonraí pearsanta a mhalartaítear faoin gComhaontú seo a chosaint.

Le hAirteagal 21 is gá formhaoirseacht agus forfheidhmiú comhlíontachta leis na coimircí a leagtar amach sa Chomhaontú, lena n-áirithítear gur ann d'údarás poiblí neamhspleách atá freagrach as cosaint sonraí (údarás maoirseachta) chun maoirseacht a dhéanamh ar ábhair a dhéanann difear do phríobháideacht daoine aonair, lena n-áirítear na rialacha intíre chun cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

Le hAirteagal 22 déantar foráil maidir le sásamh riaracháin agus breithiúnach, ag áirithiú go bhfuil an ceart ag ábhair sonraí sásamh éifeachtach riaracháin agus breithiúnach a fháil mar gheall ar sháruithe ar na cearta agus ar na coimircí a aithnítear sa Chomhaontú, sáruithe a eascraíonn as próiseáil a sonraí pearsanta.

Foráiltear le hAirteagal 23 go ndéanfar malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe agus faisnéise íogaire neamh-rúnaicmithe an Aontais a rialú le socrú oibre maidir le Rúndacht arna thabhairt i gcrích idir Eurojust agus údaráis inniúla na hAirméine.

Le hAirteagal 24 déantar foráil maidir le freagracht na n-údarás inniúil. Beidh na húdaráis inniúla faoi dhliteanas i leith aon damáiste a dhéanfar do dhuine mar thoradh ar earráidí dlíthiúla nó fíorasacha san fhaisnéis a mhalartaítear. Ní féidir le ceachtar páirtí a mhaíomh gur aistrigh an páirtí eile faisnéis mhícheart chun dliteanas a sheachaint.

Foráiltear le hAirteagal 25 go n-íompróidh gach Páirtí, i bprionsabal, a speansais féin a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

Déantar foráil in Airteagal 26 maidir le socrú oibre a thabhairt i gcrích idir Eurojust agus údaráis inniúla na hAirméine.

Le hAirteagal 27 déantar foráil maidir leis an gcaidreamh le hionstraimí idirnáisiúnta eile, lena n-áirithítear nach ndéanfaidh an Comhaontú dochar ná difear do na forálacha dlíthiúla

maidir leis an malartú faisnéise dá bhforáiltear in aon chonradh, comhaontú, nó socrú idir an Airméin agus aon Bhallstát den Aontas Eorpach.

Le hAirteagal 28 déantar foráil maidir leis an bhfógra um chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

Déantar foráil in Airteagal 29 maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Le hAirteagal 30 déantar foráil maidir le leasuithe ar an gComhaontú agus maidir le forlíontaí air.

Le hAirteagal 31 déantar foráil maidir le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar an gComhaontú.

Déantar foráil in Airteagal 32 maidir le díospóidí a réiteach agus maidir le clásal fionraí.

Le hAirteagal 33 áirítear foirceannadh an Chomhaontaithe.

Déantar foráil in Airteagal 34 maidir leis an gcaoi a ndéanfar fógraí i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

Tagraítear in Airteagal 35 do na téacsanna barántúla.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis inniúla Phoblacht na hAirméine um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2), Airteagal 85 i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagail 47(1) agus 52(1) de Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ go bhféadfaidh Eurojust comhar a bhunú agus a choinneáil le húdaráis tríú tíortha bunaithe ar straitéis chomhair.
- (2) Le hAirteagal 56(2)(c) de Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déantar foráil freisin go bhféadfaidh Eurojust sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír *inter alia* ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 CFAE lena leagtar amach coimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideacht agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.
- (3) I gcomhréir le Cinneadh (AE) [XXXX]² ón gComhairle, síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Airméin, den pháirt eile, maidir leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis inniúla Phoblacht na hAirméine um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla ('an Comhaontú') an [XX.XX.XXXX], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (4) Leis an gComhaontú, is féidir sonraí pearsanta a aistriú idir Eurojust agus údaráis inniúla na hAirméine, d'fhonn an choireacht thromchúiseach agus an

¹ Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin, IO L 295, lch 138, 21.11.2018.

² Cinneadh (AE) [XXXXX] ón gComhairle an XX.XX.XXXX maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Airméin, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis inniúla Phoblacht na hAirméine um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla (XXXX).

sceimhlitheoireacht a chomhrac agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a chosaint.

- (5) Áirithítear leis an gComhaontú go n-urramófar ina n-iomláine cearta bunúsacha an Aontais, go háirithe an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, ar ceart é a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh³. Go háirithe, áirítear sa Chomhaontú coimircí leordhóthanacha chun sonraí pearsanta arna n-aistriú ag Eurojust faoin gComhaontú a chosaint.
 - (6) De bhun Airteagal 218(7) CFAE, is iomchuí don Chomhairle údarú a thabhairt don Choimisiún na modhnuithe ar Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an gComhaontú a fhorghnóthú thar ceann an Aontais agus údarú a thabhairt don Choimisiún módúlachtaí a chomhaontú maidir le leanúint d'úsáid agus de stóráil na faisnéise a cuireadh in iúl cheana idir na Páirtithe de bhun an Chomhaontaithe agus údarú a thabhairt don Choimisiún an fhaisnéis faoi sheolaí na bhfógraí a thabhairt cothrom le dáta.
 - (7) I gCinneadh (AE) 2019/2006 ón gCoimisiún⁴, deimhníodh rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2018/1727. Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2018/1727 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.
 - (8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
 - (9) Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a Thuairim [xxx] uaidh an [xx.xx.xxxx].
 - (10) Ba cheart an Comhaontú a fhorghnóthú thar ceann an Aontais,
- TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus na húdaráis inniúla um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla ('an Comhaontú') a fhorghnóthú thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Rachaidh an Coimisiún ar aghaidh, thar ceann an Aontais, chun an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 34 den Chomhaontú⁵ a dhéanamh, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

³ IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

⁴ Cinneadh (AE) 2019/2006 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2019 maidir le rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) (IO L 310, 2.12.2019, lch. 59).

Airteagal 3

1. Chun críocha Airteagal 30(2) den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhairle, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis na modhnuithe ar Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas.
2. Chun críoch Airteagal 33(3) den Chomhaontú, údarófar don Choimisiún módúlachtaí a chomhaontú maidir le leanúint d'úsáid agus stóráil na faisnéise a cuireadh in iúl cheana idir na Páirtithe de bhun an Chomhaontaithe.
3. Chun críoch Airteagal 34(2) den Chomhaontú, beidh údarás ag an gCoimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhairle, an fhaisnéis faoi sheolaí na bhfógraí a thabhairt cothrom le dáta.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

⁵ Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.